# Grinnfhiosrúchán do Mhic Léinn BOO

## Clár Ábhair


Ginearálta 2

Sainmhínithe 2

Struchtúir an Ghrinnfhiosrúcháin – Pointí Teagmhála 2

An Nós Imeachta Bailíochtaithe 3

Iarratas ar Nochtadh Grinnfhiosrúcháin 3

An Próiseas Iarratais ríomh-Ghrinnfhiosrúchán 3

Próiseas Measúnaithe BOO 4

Cosaint Sonraí 6

AGUISÍN 1 – Soiléiriú ar ábhar na ndoiciméad nochta agus an próiseas achomhairc maidir le Faisnéis Shonraithe. 7

# Ginearálta

Ní mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar gach duine atá á mheas le haghaidh cúrsaí ag BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (ar a dtabharfar BOOÁCDL ina dhiaidh seo), lena n-áirítear fostaithe díreacha, oibrithe deonacha agus nó daoine atá ar thaithí oibre, nó ag a Eagraíochtaí Cleamhnaithe de réir Bheartas Grinnfhiosrúcháin BOOÁCDL, atá bunaithe ar na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.

Sula gcuirfear aon mhac léinn i suíomh socrúcháin agus sula gcuirfear tús le haon obair nó gníomhaíochtaí ábhartha chun críocha na nAchtanna, tabharfaidh an mac léinn cóip den nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuair BOOÁCDL agus a chuirfear ar fáil don mhac léinn faoi na hAchtanna ar fáil don suíomh socrúcháin.

# Sainmhínithe

Cén sainmhíniú a thugtar ar leanbh?

**Chun críocha ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**, is é an sainmhíniú a thugtar ar leanbh ná duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Cén sainmhíniú a thugtar ar dhuine soghonta?

Ciallaíonn duine soghonta duine, seachas leanbh, a bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi, bíodh sé sin mar thoradh ar thinneas meabhrach nó néaltrú; atá faoi mhíchumas intleachtúil; a bhfuil lagú fisiceach air nó uirthi, cibé acu mar thoradh ar ghortú, breoiteacht nó aois; nó atá faoi mhíchumas coirp; atá de chineál nó de mhéid a chuireann srian ar chumas an duine é nó í féin a chosaint ar dhochar ó dhuine eile, nó a fhágann go dteastaíonn ón duine cúnamh le gnáthghníomhaíochtaí laethúla, lena n-áirítear éadaí a chur air nó uirthi féin, ithe, dul ag siúl, nó é nó í féin a ní nó a fholcadh.

# Struchtúir an Ghrinnfhiosrúcháin – Pointí Teagmhála

De réir an "Achta", d'ainmnigh BOOÁCDL cúpla duine mar "Dhaoine Idirchaidrimh" (DI). Úsáidtear é seo anois in ionad Duine Údaraithe mar a úsáideadh roimhe seo. Is é is cuspóir don DI go mbeadh líon teoranta daoine ag plé leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin agus go gcoinneofaí ionracas na n-oibríochtaí idir na heagraíochtaí agus an Biúró Grinnfhiosrúcháin. Laghdóidh sé seo dúbláil gan ghá agus cuirfidh sé córas oibriúcháin níos éifeachtaí ar fáil chun an próiseas fadtéarmach a bhainistiú.

Foráiltear leis an "Acht" freisin do "Úsáideoirí Cléirigh" (ÚC) a chur ar bun a bheidh sé d'aidhm acu cabhrú leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin a riar, tacú leis an Duine Idirchaidrimh, gníomhú mar phointe teagmhála agus aitheantas na n-iarratasóirí a bhailíochtú. Aithneoidh BOOÁCDL roinnt Úsáideoirí Cléirigh.

Ainmneoidh BOOÁCDL duine mar an Duine Ainmnithe i gColáistí / in Ionaid áirithe chomh maith. Is é is cuspóir don ról sin cuidiú leis an bpróiseas um aitheantas a bhailíochtú agus a chinntiú go gcoinnítear taifid chuí sa Choláiste / san Ionad ar son na heagraíochta. D'fhéadfadh níos mó ná Duine Ainmnithe amháin a bheith i ngach suíomh, mar shampla Príomhoide, Leas-Phríomhoide, Múinteoir agus/nó baill foirne riaracháin.

Déanfaidh an Duine Idirchaidrimh, Úsáideoirí Cléirigh nó Duine Ainmnithe an cruthúnas aitheantais a bhailíochtú trí fhéachaint ar an mbunchóip, fótachóip a dhéanamh de agus an fhótachóip a shíniú lena dheimhniú go bhfaca siad an bhunchóip. Déanfaidh an Duine atá ag bailíochtú an aitheantais

an fótachóip a chomhdú san ionad le bheith ar fáil don Duine Idirchaidrimh ach é a iarraidh. Sa chás go bhfuil roinnt foirmeacha á gcur ar aghaidh ag an duine ainmnithe, comhlánóidh siad foirm bhaisc le sonraí iomlána na bhfoirmeacha atá á gcur ar aghaidh chuig an Duine Idirchaidrimh.

## An Nós Imeachta Bailíochtaithe

Is ceanglas de réir an "Achta" é aitheantas duine a bhailíochtú le haghaidh grinnfhiosrúcháin. Ionas go bhféadfaí an bailíochtú sin a dhéanamh, beidh ar an duine ar a ndéanfar an grinnfhiosrúchán na doiciméid seo a leanas a chur isteach lena bhfoirm ghrinnfhiosrúcháin;

- Pas nó Ceadúnas Tiomána (formáid nua an chárta creidmheasa) nó Cárta Seirbhísí Poiblí na hÉireann

  Agus

- P.60 / P.45 / duillín pá (a bhfuil seoladh baile air) nó bille fóntais úrnua (ní ghlacfar le billí fóin phóca) nó ráiteas Bainc / Cumainn Chreidmheasa

De réir mar a mholann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, úsáidtear an córas aitheantais phearsanta 100 pointe, mura bhfuil duine ábalta aon cheann de na doiciméid thuas a sholáthar. I gcásanna mar sin, úsáidfidh an Duine Ainmnithe an seicliosta 100 pointe chun a chinntiú go gcuirtear doiciméid mhalartacha isteach lena gcomhlíonfar na 100 pointe (foirm ceangailte leis seo).

**Ní mór do mhic léinn na foirmeacha comhlánaithe a chur ar ais chuig an tÚsáideoir Cléireach agus/nó chuig duine ainmnithe i ngach Coláiste ar dtús, a dhéanfaidh comhoibriú ansin leis an Duine Liaison do Mhic Léinn.**

## Iarratas ar Nochtadh Grinnfhiosrúcháin

Baineann an próiseas grinnfhiosrúcháin céanna le gach mac léinn.

## An Próiseas Iarratais ríomh-Ghrinnfhiosrúchán

- Tugtar Foirm Iarratais Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána don mhac léinn, a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an bhfoirm iarratais don chúrsa nó ar thairiscint socrúcháin. Tá an chóip chrua shínithe den Fhoirm Grinnfhiosrúcháin chomhlánaithe, lena n-áirítear cruthúnas aitheantais mar a shonraítear thuas, le cur ar ais ar lá an chláraithe go pearsanta chuig Úsáideoir Cléireach nó an Duine Ainmnithe sa Choláiste/Ionad, áit a ndéanfar fótachóip den chruthúnas aitheantais.

- Mar mhalairt air sin, is féidir iarraidh ar ranganna foirm iomlán a chomhlánú mar ghrúpa, an fhoirm chomhlánaithe a bhailíonn an múinteoir ranga agus a chur ar aghaidh chuig Úsáideoir Cléireach nó Duine Ainmnithe.

- Déanfaidh an tÚsáideoir Cléireach nó an Duine Ainmnithe seiceáil go bhfuil na foirmeacha uile líonta isteach i gceart (tabharfar foirmeacha a bhfuil faisnéis ar iarraidh iontu ar ais don mhac léinn lena gcomhlánú), cuirfear na hainmneacha uile i bhfoirm cheanntásc baisce, **agus sa chúinne uachtarach ar dheis den fhoirm grinnfhiosrúcháin aonair sa chuid "Do thag" beidh ainm an Choláiste i bhformáid ghiorraithe (ceannlitreacha an ainm iomláin), inisealacha an duine ainmnithe agus tagairt an bhaisce (más infheidhme).**

- Nuair a bheidh an méid thuas críochnaithe agus fíorú an mhic léinn deimhnithe ag an gColáiste, déanfaidh an tÚsáideoir Cléireach na foirmeacha a phróiseáil, nó cuirfidh an Duine Ainmnithe na foirmeacha ar aghaidh chuig an DI lena bpróiseáil.

- Déanfaidh an UC / DI ábhartha na sonraí ar fhoirm na cóipe crua a bhailíochtú agus an fhaisnéis atá inti a údarú agus a ionchur sa chóras ríomhghrinnfhiosrúcháin ionas go n-eiseofar cuireadh chuig an iarratasóir.

- Gheobhaidh iarratasóirí nasc tríd an seoladh ríomhphoist a thug siad chun an próiseas grinnfhiosrúcháin a chomhlánú ar líne.

- Ní mór é sin a chomhlánú a luaithe is féidir mar tá an cuireadh am-íogair agus bíonn dáta éaga i gceist leis.

- Cuirtear doiciméad an nochta grinnfhiosrúcháin **(soiléiriú ar an ábhar in Aguisín 1)**, ar fáil don DI i bhformáid leictreonach tríd an gcóras.

- Déanfar doiciméid nochta a íoslódáil agus a shábháil go leictreonach chuig fillteán leictreonach.

- Déanfaidh BOOÁCDL measúnú ar an nochtadh de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach faoin mheasúnú.

- Nuair a chuirfear an measúnú i gcrích seolfar cóip ar aghaidh chuig an duine go leictreonach tríd an seoladh ríomhphoist a soláthraíodh don DI mar aon le deimhniú ar an measúnú.

Nuair is gá, pléifidh Príomhoide an Choláiste (nó Oifigeach ainmnithe) an toradh leis an mac léinn maidir lena rannpháirtíocht leanúnach ar an gcúrsa agus/nó atreorú chuig na Seirbhísí Treorach cuí.

## Próiseas Measúnaithe BOO

- Cuirfear an t-eolas go léir arna nochtadh ag an mBiúró san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht an duine atá mar ábhar an nochta chun an obair nó gníomhaíochtaí ábhartha a chomhlíonadh.
- Cinnfidh BOOÁCDL cibé an bhfuil grinnfhiosrúchán sásúil nó nach bhfuil agus beidh na cinntí críochnaitheach

Agus measúnú á dhéanamh ar ábhair doiciméid nochta maidir le Taifid Choiriúla agus/nó Faisnéis Shonraithe cuirfear an méid seo a leanas i bhfeidhm;

A. Gan Aon Chiontú ar Taifead

I gcás nach bhfuil aon chiontuithe ann, ní bheidh aon éifeacht ar chumas an mhic léinn a gcúrsa roghnaithe a chríochnú.

B. Taifead Coiriúil

Ciallaítear an méid a leanas le taifead coiriúil i ndáil le duine –

a) Taifead ar chiontuithe an duine, cibé an raibh siad laistigh den Stát nó lasmuigh de, maidir le cionta coiriúla ar bith, in éineacht le haon orduithe coimhdeacha nó iarmhartacha a rinneadh de bhun na gciontuithe sin, agus/nó
b) Taifead ar aon ionchúisithe atá ar feitheamh in aghaidh an duine sin, cé acu an raibh siad laistigh den Stát nó lasmuigh de, maidir le cion coiriúil ar bith.

1) *Cionta Mótarthráchta:*

Go ginearálta, fiú nuair a nochtar cionta mótarthráchta, ní bheidh aon ábharthacht ag baint leo ach amháin sa chás go bhfuil an duine sin á mheas le haghaidh poist / seirbhíse dá mbeidh ceadúnas glan tiomána ag teastáil. I gcúinsí den sórt sin, féadfaidh an fostóir taithí oibre eisiamh uathoibríoch a chur i bhfeidhm le haghaidh rannpháirtíochta.

2) *Mionchionta Oird Phoiblí*:

Na cionta seo a leanas faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994
:

- Alt 4 (Meisce),
- Alt 5 (Iompar mí-ordúil),
- Alt 6 (Iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach),
- Alt 7 (Ábhar atá colúil a dháileadh nó a chur ar taispeáint),
- Alt 8 (Mainneachtain ordachán ó chomhalta den Gharda Síochána a chomhlíonadh),
- Alt 9 (Bac toiliúil).

Maidir le haon nochtadh ina bhfuil taifead coiriúil, i ndáil le Mionchionta Oird Phoiblí, cuirfidh an Bainisteoir atá i gCeannas ar Ghrinnfhiosrúchán agus an Príomhoide ábhartha an nochtadh sin faoi chaibidil i ndáil leis an gcúrsa ar chuir an duine sin isteach air/orthu. Déanfaidh na cinnteoirí an riosca féideartha a bhaineann leis an gcion a phlé agus d'fhéadfaidís cinneadh a dhéanamh buaileadh leis an duine atá i gceist chun faisnéis bhreise a iarraidh. Nuair a bheidh na cinnteoirí sásta go bhfuil an fhaisnéis ábhartha go léir acu, déanfar plé leis an mac léinn maidir le cibé an féidir leis an mac léinn taithí oibre a fháil nó an mian leis an mac léinn aistriú chuig cúrsa malartach.

C. Faisnéis Shonraithe

I gcás faisnéis shonraithe i ndáil le duine atá mar ábhar iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúchán, is é a bhíonn i gceist ná faisnéis a bhaineann le cinneadh nó líomhain go ndearna sé/sí díobháil do dhuine eile, a fuair an Biúró ó –

- An Garda Síochána de bhun imscrúdaithe ar chion nó de bhun aon fheidhme eile arna tabhairt don Gharda Síochána de réir achtaithe ar bith nó faoin dlí coiteann

Nó

- eagraíocht sceidealaithe de bhun Alt 19 den Acht

Maidir leis an duine agus atá de chineál a bheadh ina chúis imní réasúnach bona fide go bhféadfadh an duine sin –

i. díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta,
ii. a bheith ina chúis le díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta,
iii. leanbh nó duine soghonta a chur i mbaol,
iv. iarracht a dhéanamh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta, nó
v. duine eile a spreagadh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta.

Ciallóidh nochtadh faisnéise sonraithe eisiamh uathoibríoch ó chúrsa mar gheall ar an mbonn ina dtugann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin faisnéis shonraithe agus go dtugtar ceart achomhairc don duine aonair chuig Príomhoifigeach an Bhiúró.

## Cosaint Sonraí

Ní dhéanfar aon fhaisnéis a fhaigheann BOOÁCDL maidir le grinnfhiosrúchán a úsáid ná a nochtadh chun críche ar bith seachas measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an duine don cheapachán agus / nó do na seirbhísí.

Coinneofar na taifid uile i gcomhréir le Beartas Cosanta Sonraí BOOÁCDL agus Sceidil Choinneála Taifead BOOÁCDL. I gcás mac léinn, coimeádfar taifid a bhaineann le Grinnfhiosrúchán ar feadh thréimhse an chúrsa (i.e. bliain an ghrinnfhiosrúcháin) móide bliain acadúil amháin.

# AGUISÍN 1 – Soiléiriú ar ábhar na ndoiciméad nochta agus an próiseas achomhairc maidir le Faisnéis Shonraithe.

**Doiciméad Nochta Grinnfhiosrúcháin**

Áireofar an méid seo a leanas i ndoiciméad nochta grinnfhiosrúcháin i ndáil leis an duine atá mar ábhar an iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin –

- Sonraí na gníomhaíochta coiriúla (más ann di) a bhaineann leis an duine, agus ráiteas ar an bhfaisnéis shonraithe (más ann di) a bhaineann leis an duine a chinn Príomhoifigeach an Bhiúró gur cheart í a nochtadh de réir an "Achta".

Nó

- Ráiteas ina luaitear nach bhfuil aon taifead coiriúil ná faisnéis shonraithe ann i ndáil leis an duine sin.

**Taifead Coiriúil**

Ciallaítear an méid a leanas le taifead coiriúil i ndáil le duine –

a) Taifead ar chiontuithe an duine, cibé an raibh siad laistigh den Stát nó lasmuigh de, maidir le cionta coiriúla ar bith, in éineacht le haon orduithe coimhdeacha nó iarmhartacha a rinneadh de bhun na gciontuithe sin, agus/nó
b) Taifead ar aon ionchúisithe atá ar feitheamh in aghaidh an duine sin, cé acu an raibh siad laistigh den Stát nó lasmuigh de, maidir le cion coiriúil ar bith.

**Faisnéis Shonraithe**

I gcás faisnéis shonraithe i ndáil le duine atá mar ábhar iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúchán, is é a bhíonn i gceist ná faisnéis a bhaineann le cinneadh nó líomhain go ndearna sé/sí díobháil do dhuine eile, a fuair an Biúró ó –

- An Garda Síochána de bhun imscrúdaithe ar chion nó de bhun aon fheidhme eile arna tabhairt don Gharda Síochána de réir achtaithe ar bith nó faoin dlí coiteann

nó

- eagraíocht sceidealaithe de bhun Alt 19 den Acht

Maidir leis an duine agus atá de chineál a bheadh ina chúis imní réasúnach bona fide go bhféadfadh an duine sin –

vi. díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta,
vii. a bheith ina chúis le díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta,
viii. leanbh nó duine soghonta a chur i mbaol,
ix. iarracht a dhéanamh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta, nó
x. duine eile a spreagadh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta.

**Measúnú a Dhéanamh ar Fhaisnéis Shonraithe**

Ní dhéanfar cinneadh chun faisnéis shonraithe a nochtadh ach amháin sa chás go gcreideann Príomhoifig an Bhiúró go bhfuil an fhaisnéis sin de chineál a bheadh ina chúis imní réasúnach bona fide go bhféadfadh an duine atá mar ábhar an ghrinnfhiosrúcháin díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta nó iarracht a dhéanamh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine

soghonta nó leanbh nó duine soghonta a chur i mbaol díobhála. Caithfidh Príomhoifigeach an Bhiúró a bheith sásta freisin go bhfuil an nochtadh riachtanach, comhréireach agus réasúnta sna cúinsí chun leanaí nó daoine soghonta a chosaint.

Cuirfidh Príomhoifigeach an Bhiúró in iúl don té atá mar ábhar an ghrinnfhiosrúcháin i scríbhinn go bhfuil sé beartaithe aige/aici faisnéis shonraithe a nochtadh ina leith agus tabharfaidh an Príomhoifigeach achoimre ar an bhfaisnéis shonraithe dó/di. Cuirfear in iúl don duine atá mar ábhar an ghrinnfhiosrúcháin freisin go bhféadfadh sé/sí aighneacht i scríbhinn a chur isteach maidir leis an bhfaisnéis shonraithe lena mbaineann.

Má tá duine míshásta le cinneadh Phríomhoifigeach an Bhiúró, féadfaidh sé/sí, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an dáta ar seoladh fógra chuig an duine sin maidir leis an gcinneadh, achomharc a dhéanamh le hOifigeach Achomhairc in aghaidh an chinnidh.

D’fhéadfadh an tOifigeach Achomhairc an méid seo a leanas a dhéanamh agus achomharc á mheas aige/aici –

- Cinneadh Phríomhoifigeach an Bhiúró a dhearbhú, go hiomlán nó i bpáirt, nó
- Cinneadh Phríomhoifigeach an Bhiúró a chur i leataobh go hiomlán nó i bpáirt agus cinneadh eile a chur ina ionad de réir mar a mheasann an tOifigeach Achomhairc a bheith iomchuí.

Cuirfidh an tOifigeach Achomhairc a chinneadh/cinneadh i ndáil le hachomharc, agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin, in iúl don achomharcóir agus do Phríomhoifigeach an Bhiúró i scríbhinn. Beidh páirtí le hachomharc ábalta achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí agus beidh an t-achomharc sin críochnaitheach agus conclúideach.